Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2018
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0382(COD)**

**14286/18**
**ADD 1**

**CODEC 2007**
**ENER 382**
**CLIMA 219**
**CONSOM 319**
**TRANS 548**
**AGRI 556**
**IND 347**
**ENV 764**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Tugann an Coimisiún dá aire gur tháinig an dá Chomhreachtóir ar chomhaontú maidir leis an inneachar in Airteagal 4 a bheith ag dul thar phrionsabail ghinearálta thogra an Choimisiúin COM(2016) 767 final. Cé go dtacaíonn sé go hiomlán le cuspóirí na Treorach, measann an Coimisiún go bhféadfaí iad a bhaint amach gan foclaíocht chomhaontaithe mhír 3 (an tríú fomhír), mhír 4 (an dara fomhír agus an tríú fo-mhír), mhír 5 agus mhír 6 d'Airteagal 4, faoi mar is léir ón Treoir reatha is infheidhme, Treoir 2009/28/CE.

## Ráiteas ón mBeilg

D'ainneoin a staonadh, tá an Bheilg ina crann taca don fhuinneamh inathnuaite agus don bheartas aeráide mar a leagadh síos sna Conclúidí ón gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus i gComhaontú Pháras.

An sprioc uaillmhianach a leagtar amach sa togra a tíolacadh, is fíor-dhúshlán í don Bheilg í a thabhairt i gcrích ar bhealach costéifeachtach.

D'ainneoin an dúshláin sin, leanfaidh an Bheilg uirthi le rannchuidithe dearfacha chun an sprioc sin a bhaint amach.

## Ráiteas ón nGearmáin

Is mian leis an nGearmáin trácht a dhéanamh ar Airteagal 2(14) agus (15), ar Airteagal 21 agus ar aithrisí 66 go 69 sa leagan a leagtar amach sa téacs comhréitigh deiridh reatha (PE-CONS 48/18):

Glacann an Rialtas Cónaidhme leis an téacs comhréitigh deiridh (PE-CONS 48/18) maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) ar an tuiscint go mbaineann an díolúine ó mhuirir agus ó tháillí, dá bhforáiltear i bpointe (a)(ii) d'Airteagal 21(2), i bprionsabal leis an uath-ídiú aonair amháin, mura bhforálann na Ballstáit a mhalairt; agus go bhfuil sé i gceist le haithris 69 a shoiléiriú go gcumhdaítear le pointe (a) d'Airteagal 21(3) an fhéidearthacht go ngearrfar muirir agus táillí má chuirtear tacaíocht ar fáil go comhuaineach trí scéim tacaíochta agus go gcumhdaítear an fhéidearthacht díolúintí páirteacha a chur i bhfeidhm ach an toradh céanna a bheith air: áirithítear inmharthanacht eacnamaíoch tionscadal den sórt sin.

## Ráiteas ó Phoblacht na Seice

Cé gur vótáil sí i gcoinne théacs comhréitigh deiridh na Treorach ní hionann sin is a rá go n-éireodh Poblacht na Seice as cur chun cinn an bheartais maidir le fuinneamh inbhuanaithe agus cosaint aeráide mar a leagadh síos sna Conclúidí ón gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus a comhaontaíodh i gComhaontú Pháras. Tá sé mar sprioc ag Poblacht na Seice a thuilleadh forbartha agus cur chun cinn a dhéanamh ar fhoinsí inathnuaite fuinnimh chun ról méadaitheach foinsí inathnuaite fuinnimh sa mheascán fuinnimh a áirithiú.

Leanfaidh Poblacht na Seice le rannchuidiú dearfach chun sprioc foriomlán an Aontais chomh maith le spriocanna earnálacha aonair a bhaint amach. Déanfar na rannchuidithe seo ar bhealach costéifeachtach agus aird á tabhairt ar dhálaí geografacha agus aeráide chomh maith le féidearthachtaí eacnamaíocha Phoblacht na Seice. Sa chomhthéacs sin, ní mór ceann a thógáil den airgead atá caite cheana féin chun tacú le foinsí inathnuaite fuinnimh

Bíonn Poblacht na Seice an-fhreagrach comhsheasmhach agus an sprioc fuinnimh arna leagan síos ag RES go 2020 á baint amach aici. Leanfar den chur chuige céanna don tréimhse 2021 go 2010. Is léir an méid sin ós rud é go raibh sprioc cheangailteach RES don bhliain 2020 bainte amach ag Poblacht na Seice 7 mbliana níos luaithe ná mar ba ghá de réir na reachtaíochta Eorpaí.

## Ráiteas ón gCróit

Tacóidh Poblacht na Cróite leis an nglacadh ach is cúis imní di leibhéal úsáide coitianta fuinnimh inathnuaite, ar a laghad 14 %, ag an earnáil iompair, faoi 2030 mar a luadh cheana sa phlé a bhí ar siúl laistigh den Chomhairle.

Cé go gcaithfear na spriocanna dícharbónúcháin a bhaint amach agus laghdú suntasach a dhéanamh ar thomhaltas fuinnimh chun spriocanna an aontais fuinnimh a bhaint amach, is cúis díomá dúinn gur sainíodh an leibhéal uaillmhéine thuasluaite gan aon aird a thabhairt ar staid an gheilleagair agus leibhéil éagsúla forbartha teicneolaíochta sna Ballstáit.